



Maidir leis an saothar

Is le Pauline Bewick an pictiúr seo agus léiríonn sé teaghlach i gContae Chill Mhantáin. Tá an teaghlach ina seasamh sa chlós agus na crainn ag déanamh fráma timpeall a dtigín beag. An bhfeiceann tú na sléibhte sa chúlra? Cuireann na sléibhte seo cuma an-domhain ar an bpictiúr, mar a théann an talamh siar i bhfad taobh thiar den teach. An féidir leat na hainmhithe sa chlós a aimsiú?

Chaith an t-ealaíontóir Pauline Bewick cuid mhaith dá hóige ag bogadh idir Éire, an Bhreatain Bheag agus Sasana lena máthair agus lena deirfiúr. Bhí cónaí ar a teaghlach i gcarbháin, bád cónaithe, carráiste traenach agus both oibrí agus í ag fás aníos.

Grúpa daoine

Cad a thugann tú ar ghrúpa daoine? D'fhéadfadh a leithéid a bheith i do **teaghlach**, do **rang** scoile nó don **fhoireann** peile lena n-imríonn tú. Is 'cnuasainmneacha' iad seo go léir, ainmfhocail éagsúla do ghrúpaí ina bhfuil níos mó ná duine amháin iontu mar do **bhuíon**, do **threibh** nó do **bhanna**.

Agus tú ag caint faoi níos mó ná bó amháin, cén focal a úsáidfeá? Bíonn tréad bó ag feirmeoir.

A PARADE

A BASK


AN UNKINDNESS

A NEST

A PRICKLE



SNAKES




ELEPHANTS



RAVENS

PORCUPINES




CROCODILES

Ag tarraingt ár dteaghlach féin

Cad atá ag an mbuíon agaibhse i do theaghlach féin?



Pioc roinnt páipéar agus pinn luaidhe suas. Leanfaimid cad a bhí á dheanamh ag Pauline Bewick agus tarraingeoidimid ár gclann féin.



- Maisigh gach carachtar leis na héadaigh is fearr leo agus le haon rud eile ba mhaith leat a chur leis.
- Cuir do mhéar síos ar cheann de na píosaí agus tarraing timpeall na rinne.
- Anois ní mór duit smaoineamh ar chnuasainm ar leith do do theaghlach! Is “*charming*” de mhuintir Chopra é seo.



Úsáidfidimid rogha dronuilleoga beaga páipéir - ghearr mé na cinn seo ó bhlúiríní.

Ansin cuir dronuilleog fhada leis le haghaidh an choirp agus dronuilleoga eile haghaidh na lámh agus na gcos.